Atógáil Éireann

Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine

gníomhaireacht tithíocht

Roghanna Tithíochta

Treoirleabhair ar na roghanna tithíochta sóisialta atá ar fáil trí Údaráis Áitiúla

gníomhaireacht tithíocht

Atógáil Éireann
Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine

Foilsithe org:
Gníomhaireacht Tithíocht

Dáta foilsithe:
Feabhra 2018

Sonraí teagmhála
Gníomhaireacht Tithíocht
53 Sráid an Mhóta Uachtarach
Baile Átha Cliath 2

01 656 4100
info@housingagency.ie

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, tabhair cuairt ar
www.housingagency.ie

ISBN - 978 - 1 - 903848 - 43 - 2

Clár Ábhar

Cuspóir na Cáipéise 5

01 Comhthéacs Beartais 6

02 Tacaíocht Tithíochta Sóisialta 9
2.1 Údaráis Áitiúla 9
2.2 Comhlachtaí Faofa Tithíochta 9

03 Incháilitheacht do Thithíocht Shóisialta agus Riachtanas Tithíochta Sóisialta 10

04 Iarratas a dhéanamh ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta 11
4.1 Foirm Iarratais 11
4.2 Ceangal Áitiúil 11
4.3 Roghanna Ceantar 11
4.4 Tithíocht Chomhlacht Faofa Tithíochta 11
4.5 Breis Faisnéise 11

05 Measúnú 12

06 Liostaí Feithimh Tithíochta 13
6.1 Rogha Tithíochta a Ligean 13

07 Tithíocht a leithdháileadh 14

08 Roghanna um Sholáthar Tithíochta Sóisialta 15
8.1 Stoc Údaráis Áitiúil 15
8.2 Stoc Comhlacht Faofa Tithíochta 15
8.3 Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta HAP 15
8.4 Cóiríocht do Dhaoine Breacaosta 15
8.5 Léasú Sóisialta/Scéim Cóiríochta Cíosa 16
8.6 Príobháideach ar Cíos/Forlíonadh Cíosa 16
8.7 Cóiríocht don Lucht Siúil 16
8.7.1 Scéim Ceannaigh Carbhán 16
8.8 Tithíocht Úinéir-Áitithe 16
8.8.1 An Scéim Deontais Oiriúnaithe Tithe 16
8.8.2 Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta 17
8.8.3 Oibreacha Oiriúnaithe Tionónta 17
8.8.4 Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta 18

09 Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta 19
9.1 Incháilitheacht do ÍCT 19
9.2 An Próiseas ÍCT 19
9.3 Íocaíochtaí ÍCT 20
9.4 Deireadh a chur le Tionóntacht ÍCT 20

10 Lasacht Tithíochta de chuid Atógáil Éireann 21

11 Breis Faisnéise 23

Cuspóir na Cáipéise

Treoir atá sa cháipéis seo maidir leis na roghanna tithíochta sóisialta atá ar fáil trí Údaráis Áitiúla. Foinse tosaigh faisnéise atá sa cháipéis seo.

Tá láithreáin ghréasáin ag gach Comhairle Cathrach agus Contae ar féidir teacht ar fhaisnéis níos mionsonraithe orthu ar na roghanna go léir a chuimsítear sa cháipéis seo.

Is féidir foirmeacha iarratais a fháil ó Rannóg Tithíochta do Chomhairle Cathrach nó Contae áitiúil nó a íoslódáil ó láithreáin ghréasáin na gComhairlí.

Chomh maith leis sin, b'fhéidir go mbeidh Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh in ann teacht ar fhoirmeacha iarratais agus beidh siad in ann faisnéis agus treoir bhreise a sholáthar. Tá eolas maidir le tithíocht le fáil ar an láithreán gréasáin um Fhaisnéis do Shaoránaigh **www.citizensinformation.ie** chomh maith.

01 Comhthéacs Beartais

Atógáil Éireann Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine

Sheol an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtas Áitiúil a phlean gníomhaíochta cúig bliana maidir le tithíochta agus easpa dídine i mí Iúil 2016. Is é aidhm uileghabhálach an phlean gníomhaíochta seo seachadadh tithíochta a mhéadú ón tearc-sholáthar atá ann faoi láthair ar fud gach tionachta chun cuidiú le daoine agus teaghlaigh a riachtanais tithíochta a shásamh. Tá sé mar aidhm aige chomh maith cuidiú leo siúd a bhfuil tithíocht acu faoi láthair fanacht ina dtithe nó roghanna cuí a chur ar fáil dóibh maidir le cóiríocht mhalartach, lena n-áirítear teaghlaigh atá i gcóiríocht éigeandála.

Tá na gníomhartha sa phlean leagtha amach i gcúig cholún. Seo a leanas na colúin sin:



Colún 1
Dul i ngleic le hEaspa Dídine

Colún 2
Dlús a Chur faoi Thithíocht Shóisialta

Colún 3
Tuilleadh Tithe a Thógáil

Colún 4
An Earnáil Chíosa a Fheabhsú

Colún 5
Tithíocht Reatha a Úsáid

Colún 1 – Dul i ngleic le hEaspa Dídine

Is é príomhchuspóir an cholúin seo tithe a sholáthar chomh tapa agus is féidir do dhaoine, lena n-áirítear teaghlaigh, atá i gcóiríocht éigeandála. Áireofar leis seo soláthar tithíochta a mhéadú tríd an gClár Tithíochta Mear-Thógála agus clár Sealbhaithe na Gníomhaireachta Tithíochta. Leagtar béim freisin ar sheachadadh tacaíochtaí ar bhonn idirghníomhaireachta do dhaoine atá gan dídean, le béim ar dhaoine a bhíonn ag codladh amuigh. Faoin gcolún seo, beidh tacaíocht mhéadaithe ann ón Stát chun daoine a choinneáil ina dtithe atá i riaráistí morgáiste.

Colún 2 – Dlús a Chur faoi Thithíocht Shóisialta

Is iad príomhchuspóirí an cholúin seo méid na tithíochta sóisialta agus tithíochta eile arna dtacú ag an Stát a mhéadú, agus an fráma ama don seachadadh sin a laghdú trí chur i bhfeidhm luathaithe na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta *(féach Caibidil 9)* agus trí fhorbairtí tionachta ar thailte Stáit a sheachadadh. Leagann an colún seo béim freisin ar an ngá atá le tacú le daoine breacaosta agus le daoine faoi mhíchumas fanacht ina gcónaí go neamhspleách ina dtithe féin. Déanfar é seo trí mhéadú ar an scéim Deontas um Oiriúnú Tithe, Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta agus an Scéim Deontas Áiseanna Soghluaisteachta a mhéadú. Féachann an plean freisin go leagfaí béim ar theicneolaíochtaí cliste a úsáid i dtithíocht do dhaoine breacaosta agus chun pobail ar feadh an tsaoil a chinntiú.

Colún 3 – Tuilleadh Tithe a Thógáil

Is é cuspóir an cholún seo an méid tithíochta príobháidí atá á dtógáil a mhéadú chun freastal ar éileamh san earnáil seo ar phraghsanna réasúnta. Leagtar amach sa cholún seo athchóiriú beartais a bheidh de dhíth chun seachadadh níos tapúla a cheadú, chomh maith le céimeanna praiticiúla is féidir a thógáil.

Colún 4 – An Earnáil Chíosa a Fheabhsú

Is é an príomhchuspóir anseo ná dul i ngleic leis na bacainní maidir le seachadadh níos fearr laistigh den earnáil phríobháideach agus chun soláthar maoine ar cíos a fheabhsú le leibhéil cíosa inacmhainne. Beidh ról feabhsaithe ann don Bhord Tionóntachta Cíosa.

Colún 5 – Tithíocht Reatha a Úsáid

Leagtar amach sa cholún seo gníomhaíochtaí a chinnteoidh go mbainfear úsáid as stoc folamh a oiread agus is féidir, lena n-áirítear bearta chun ceantair uirbeacha agus tuaithe a athnuachan. Áiríonn sé sin an Tionscnamh Deisiúcháin agus Léasúcháin a thabhairt isteach, clár sealbhaithe na Gníomhaireachta Tithíochta (mar a leagtar amach i gColún 1) a úsáid chun díriú ar mhaoine folmha atá i seilbh na mbanc agus institiúidí airgeadais eile, agus leanúint ar aghaidh leis an obair ar eastáit neamhchríochnaithe.

■ ■ ■

Tógann Atógáil Éireann ar bheartas an Rialtais le blianta beaga anuas, trí straitéisí agus pleananna, a rinne iarracht a chinntiú go bhféadfadh gach teaghlach rochtain a fháil ar thithíocht shábháilte, ar ardcháilíocht agus ar phraghas réasúnta a oireann dá riachtanas agus an tithíocht sin a bheith suite laistigh de phobail inbhuanaithe.

Baineann cuid de na straitéisí agus na pleananna seo go sonrach le hearnáil agus cé gurb é Athchóiriú Éireann an bratstraitéis chun déileáil le tithíocht agus easpa dídine, ba chóir aird a thabhairt ar na straitéisí agus na pleananna eile seo agus gníomhaíochtaí Atógáil Éireann á seachadadh.

Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020

D'fhorbair agus sheol an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil Straitéis Tithíochta sé bliana in 2014. Is é fís na Straitéise seo ná:

> *"go mbeadh rochtain ag gach teaghlach ar thithíocht shábháilte, ar ardcháilíocht agus ar phraghas réasúnta a oireann dá riachtanas agus go mbeadh an tithíocht sin suite laistigh de phobail inbhuanaithe agus go gcuirfidh an Stát, óna thaobh féin de, meicníochtaí inbhuanaithe airgeadais i bhfeidhm chun freastal ar éileamh reatha agus sa todhchaí maidir le tacaíochtaí tithíochta sóisialta …"*

An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011 – 2016 *(arna leathnú go dtí 2020 faoi Atógáil Éireann)*

Is creat é an Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine Faoi Mhíchumas chun tithíocht a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas trí fhoinsí tithíochta príomhshutha. Seo a leanas an fhís atá ag an Straitéis:

> *"éascú do dhaoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar an raon cuí seirbhísí tithíochta agus seirbhísí tacaíochta gaolmhara, arna soláthar ar bhealach comhtháite, inbhuanaithe, lena gcuirtear chun cinn comhionannas deiseanna, rogha an duine aonair agus maireachtáil neamhspleách"*

Cé gur freastalaíodh ar riachtanas tithíochta dhaoine faoi mhíchumas roimhe seo trí sholáthraithe seirbhíse sláinte mhaoinithe, faoin Straitéis seo, beidh rochtain níos fearr ag daoine faoi mhíchumas ar thithíocht shóisialta trí Údaráis Áitiúla.

Leagtar amach sa Straitéis cur chuige comhtháite maidir le soláthar seirbhísí tithíochta agus tacaíochta ó na húdaráis áitiúla agus ó FSS, a chuirfidh ar chumas daoine faoi mhíchumas a saol a chaitheamh mar is rogha leo ina dtithe féin, i gcóiríocht atá deartha agus / nó oiriúnaithe, de réir mar is gá, chun freastal ar a gcuid riachtanas.

Cláir Cóiríochta na nÚdarás Áitiúil don Lucht Siúil 2014 -2018

Ceanglaíonn Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 ar gach údarás áitiúil cláir chóiríochta rollta 5 bliana a tharraingt suas, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm chun soláthar cóiríochta do Lucht Siúil a luathú.

Tá na cláir ag feidhmiú ó 2000, leis an gceathrú babhta de chláir a glacadh in 2014 le bheith i bhfeidhm ó 2014-2018 . Forálann Alt 7 (4) den Acht gur feidhm fhorchoimeádta í clár cóiríochta a ghlacadh, a leasú nó a athsholáthar.

Ciallaíonn sé seo gur feidhm í a dhéanann na comhairleoirí tofa. Leagann na cláir sin amach na spriocanna do na riachtanais chóiríochta faoin Measúnacht um Riachtanais Tithíochta Sóisialta.[1]

1. Is féidir na cláir do gach údarás áitiúil a fháil ar http://www.housing.gov.ie/housing/special-housing-needs/traveller-accommodation/local-authority-traveller-accommodation

02 Tacaíocht Tithíochta Sóisialta

Soláthraíonn Údarás Áitiúil nó Comhlacht Tithíochta Faofa tacaíocht tithíochta sóisialta do dhaoine a dheimhnítear, i ndiaidh measúnú a dhéanamh orthu, nach bhfuil siad in ann íoc as tithíocht óna n-acmhainní féin.

2.1 Údaráis Áitiúla

Is iad Údaráis Áitiúla na príomhsholáthraithe tacaíochta tithíochta sóisialta in Éirinn agus is iad an tiarna talún is mó sa Stát, i bhfírinne. Is é príomhchuspóir na Rannóige Seirbhísí Tithíochta in Údaráis Áitiúla chun cóiríocht agus tacaíocht tithíochta atá oiriúnach, costéifeachtúil agus ar ardchaighdeán a sholáthar do dhaoine óna dteastaíonn tithíocht..

Is féidir tacaíocht tithíochta a sholáthar ar roinnt bealaí:

- Tionóntachtaí ar cíos i maoin atá faoi úinéireacht Údaráis Áitiúil,
- Maoin tithíochta sóisialta a fhoinsiú ón earnáil phríobháideach trí scéimeanna ar nós na Scéime um Chóiríocht ar Cíos agus an Tionscnamh Léasaithe,
- Leithdháiltí do chóiríocht a sholáthraíonn Comhlachtaí Faofa Tithíochta,
- Cóiríocht shonrach a sholáthar do dhaoine gan dídean, daoine breacaosta agus an lucht siúil,
- Oiriúnuithe a éascú ar thithe reatha Údaráis Áitiúil chun freastal ar riachtanais shonracha teaghlaigh,
- Deontais áirithe a sholáthar chun inrochtaineacht a mhéadú sa teach do dhaoine faoi mhíchumas agus a bhfuil riachtanais speisialta acu.

2.2 Comhlachtaí Faofa Tithíochta

Eagraíochtaí neamhspleácha neamhbhrabúsacha iad Comhlachtaí Faofa Tithíochta a sholáthraíonn:

- tithíocht ar cíos do dhaoine nach bhfuil na hacmhainní acu chun a dtithe féin a cheannach, agus
- tithíocht speisialaithe, ar nós tithíochta do dhaoine breacaosta nó daoine gan dídean.

Tugtar Comhlachais Tithíochta Deonaí nó Comharchumainn Tithíochta orthu, chomh maith. Soláthraíonn siad tithíocht ar a mhacasamhail de bhonn a sholáthraíonn Údarás Áitiúil tithíocht.

Is gnách go ndéantar ainmniúcháin le Comhlacht Faofa Tithíochta le haghaidh maoine faoi úinéireacht nó ar léas tríd an Údarás Áitiúil ina bhfuil an mhaoin lonnaithe.

03 Incháilitheacht do Thithíocht Shóisialta agus Riachtanas Tithíochta Sóisialta

Deimhnítear riachtanas agus incháilitheacht duine do thithíocht trí iarratas a dhéanamh ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta le hÚdarás Áitiúil.

Meastar go bhfuil duine incháilithe do Thacaíocht Tithíochta Sóisialta nuair a shásaíonn siad na critéir agus nuair nach bhfuil cóiríocht oiriúnach eile ag an duine a bhféadfaidís cónaí inti nó a dhíol chun tithíocht eile a sholáthar dóibh féin. Anuas air sin, caithfidh nach raibh riaráistí ag duine i maoin údaráis áitiúil eile agus caithfidh go bhfuil an ceart acu chun cónaí sa Stát, más ó thír eile iad.

Sa chás go bhfuil riachtanas tithíochta ag duine, i.e. níl a gcóiríocht reatha oiriúnach ach ní mheastar go bhfuil siad incháilithe do thithíocht shóisialta, beidh orthu roghanna eile a fhiosrú lena dheimhniú conas is féidir a freastal ar a riachtanas tithíochta óna n-acmhainní féin, ar nós maoin a fháil ar cíos go príobháideach, maoin a cheannach nó a gcóiríocht reatha a oiriúnú.

Féadfaidh tú breis faisnéise a fháil ó d'údarás áitiúil faoi Thacaíocht Tithíochta Sóisialta. Anuas ar fhaisnéis ón Údarás Áitiúil faoi thacaíochtaí tithíochta sóisialta, tá faisnéis ar fáil trí Sheirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh maidir le tithíocht shóisialta agus phríobháideach araon ar féidir leis cabhair a thabhairt do dhaoine chun a roghanna tithíochta a fhiosrú ar bhealach fíor agus bríoch.[2]

2. http://www.citizensinformation.ie/en/housing/

04 Iarratas a dhéanamh ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta

4.1 Foirm Iarratais

Chun iarratas a dhéanamh ar thacaíocht tithíochta sóisialta, caithfidh duine foirm iarratais a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig an Údarás Áitiúil. Caithfidh duine iarratas a dhéanamh ar an Údarás Áitiúil sa cheantar ina gcónaíonn siad. Féadtar an fhoirm iarratais a fháil ón Údarás Áitiúil nó a íoslódáil ó láithreán gréasáin an Údaráis Áitiúil. Ní fhéadfaidh duine iarratas a dhéanamh ach ar Údarás Áitiúil amháin ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta.

Caithfear an fhoirm iarratais ón Údarás Áitiúil lena bhfuil iarratas á dhéanamh ag an duine ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta a úsáid. Bíonn ainm an Údaráis Áitiúil ag barr leathanach 1 den fhoirm.

Is tábhachtach go léitear an fhoirm iarratais go hiomlán agus go seoltar an fhaisnéis riachtanach go léir ar ais chuig an Údarás Áitiúil. Ba cheart an seicliosta ag tús na cáipéise a úsáid lena chinntiú go seoltar an fhaisnéis riachtanach go léir ar ais leis an iarratas. Tá treoir sholéite ar fáil ón Údarás Áitiúil maidir le comhlánú na foirme iarratais. Seolfar iarratais neamhiomlána a sheoltar chuig Údarás Áitiúil ar ais chuig an duine, mar sin, is tábhachtach a chuimhneamh an t-iarratas iomlán a sheoladh ar ais nuair a chomhlánaítear é.

4.2 Ceangal Áitiúil

Ba cheart go ndéanfadh duine a n-iarratas leis an Údarás Áitiúil atá lonnaithe sa cheantar inar mhian leo cónaí. Ní gá dóibh an t-iarratas a dhéanamh leis an Údarás Áitiúil atá sa cheantar ina gcónaíonn siad faoi láthair. Nuair nach gcónaíonn duine faoi láthair sa cheantar inar mian leo cónaí, caithfidh siad a léiriú go bhfuil ceangal acu leis an gceantar sin, ar nós teaghlaigh, fostaíochta, oideachais nó riachtanais leighis.

4.3 Rogha Ceantar

Nuair a dhéantar iarratas ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta, féadfaidh duine a mhéid le trí cheantar a shonrú laistigh de cheantar foriomlán an Údaráis Áitiúil inar mhian leo cónaí. Má tá níos mó ná údarás áitiúil amháin i do chontae, b'fhéidir go mbeadh tú in ann rogha limistéar laistigh d'údarás áitiúil malartach an chontae sin a chur in iúl. Labhair le d'údarás áitiúil le haghaidh tuilleadh eolais a fháil. Ba cheart machnamh cúramach a dhéanamh ar roghnú na gceantar seo mar gheall nach gcuirfear ach tithíocht oiriúnach sna ceantair seo ar tairiscint don duine. Ba cheart machnamh a dhéanamh bunaithe ar rudaí ar nós seirbhísí, iompair, ceangail leis an teaghlach agus cairde, agus fáil a bheith ar thithíocht oiriúnach sa rogha ceantar.

4.4 Tithíocht Chomhlacht Faofa Tithíochta

Má tá iarratas á dhéanamh ag duine ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta bunaithe ar a míchumas, ba cheart dóibh a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis bhreise a theastaíonn cuimsitheach agus go seoltar ar aghaidh í leis an bhfoirm iarratais.

4.5 Breis Faisnéise

If a person is applying for social housing support based on their disability or medical condition, they should ensure that the additional information required is comprehensive and submitted with the application form.

05 Measúnú

Déanann an tÚdarás Áitiúil measúnú ar gach iarratas comhlánaithe lena dheimhniú an bhfuil nó nach bhfuil an duine 'incháilithe' do thithíocht agus an bhfuil nó nach bhfuil tithíocht 'ag teastáil' ón duine.

Nuair a dhéantar measúnú ar an iarratas, déanfaidh an tÚdarás Áitiúil breithniú ar na tosca seo a leanas:

- méid an teaghlaigh,
- ioncam an teaghlaigh,
- cóiríocht reatha (más ann di),
- an bhail atá ar an gcóiríocht reatha,
- faisnéis ábhartha eile, ar nós riachtanais shonracha mar gheall ar mhíchumas nó cúinsí leighis, etc.

Is ionann méid an teaghlaigh agus an líon daoine atá ar an bhfoirm iarratais, féadfaidh duine amháin nó níos mó a bheith i gceist leis seo.

Nuair a dhéantar measúnú ar iarratas ar thithíocht shóisialta, tugann an tÚdarás Áitiúil, i dtosach báire, faoina dheimhniú go bhfuil an duine **'incháilithe' do thithíocht shóisialta** bunaithe ar an méid seo a leanas:

- teorainneacha ioncaim,
- an ceart chun cónaí sa Stát ar bhonn fadtéarmach,
- níl stair shuntasach de riaráistí cíosa ag an duine le hÚdarás Áitiúil,
- níl teach faoi úinéireacht an duine ina bhféadfaidís cónaí.

Ar an dara dul síos, **deimhneoidh** an tÚdarás Áitiúil **an 'riachtanas'** i dtaobh tithíocht shóisialta. Chun seo a dhéanamh, déanfaidh Údaráis Áitiúla breithniú ar an saghas tithíochta atá á áitiú ag an duine faoi láthair, mar shampla:

- an bhfuil sé plódaithe nó neamhoiriúnach?
- teastaíonn cóiríocht ar leith mar gheall ar mhíchumas,
- tá an duine ina c(h)ónaí in institiúid, cóiríocht éigeandála nó brú, etc.

Nuair a bhunaítear incháilitheacht agus nuair a dhéantar an cinneadh go dteastaíonn tithíocht shóisialta ón duine, meastar go 'gcáilíonn' duine do thithíocht shóisialta. Ag an bpointe seo, cuirtear an duine ar Thaifead na dTeaghlach Cáilithe. Tugtar an liosta feithimh tithíochta air seo go coitianta. Seo conas a phleanálann údaráis áitiúla chun cóiríocht oiriúnach a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais iarratasóirí.

06 Liostaí Feithimh Tithíochta

Cuirtear gach duine a rinne iarratas ar thithíocht shóisialta agus a mheastar a cháilíonn di, ar Liosta Feithimh Tithíochta an Údaráis Áitiúil.

Déanann gach Údarás Áitiúil an Liosta Feithimh Tithíochta dá limistéar féin riaracháin a choimeád agus a bhainistiú. Déanann an tÚdarás Áitiúil daoine a ainmniú, chomh maith, ó na Liostaí Feithimh Tithíochta a leithdháiltear tithíocht dóibh i maoin atá faoi úinéireacht Chomhlachtaí Faofa Tithíochta.

Féadfaidh gach Údarás Áitiúil ord na tosaíochta a dheimhniú a bhaineann lena liosta feithimh. Tugtar na 'scéimeanna um thosaíochtaí ligin ar cíos' orthu seo. Faoi láthair, oibríonn formhór na nÚdarás Áitiúil córas atá bunaithe ar "an am a chaitear ar liosta", ina dtugtar tús áite dóibh siúd is faide atá ar an liosta feithimh. Oibríonn roinnt Údaráis Áitiúla Catagóirí Tosaíochta, áfach. Is féidir sonraí fúthu seo a fháil ó gach Údarás Áitiúil.

6.1 Rogha Tithíochta a Ligean

Tá córas ag roinnt Údaráis Áitiúla ar a dtugtar Rogha Tithíochta atá ar an Liosta Feithimh Tithíochta chun cinntí a dhéanamh faoin áit a gcónaíonn siad agus faoi rogha tionachta (comhairle, tithíocht dheonach agus tithe léasaithe). Tugtar Ainm Úsáideora agus Uimhir Aitheantais Phearsanta uathúil do gach iarratasóir nuair a fhaomhtar iad lena gcur san áireamh ar an liosta tithíochta. Fógraíonn an Chomhairle tithe atá ar fáil lena ligean d'iarratasóirí incháilithe ar thithíocht ar a Láithreán Gréasáin um Rogha Tithíochta a Ligean. Féadfaidh an duine a spéis sa mhaoin a léiriú ar an láithreán gréasáin. Tá fáil ar rochtain ar an idirlíon agus ar shaoráidí ríomhaire i leabharlanna áitiúla.

De réir mar a bhíonn fáil ar thithe agus árasáin lena ligean, leithdháiltear iad ón liosta feithimh in ord tosaíochta, agus gach ceann de na cúinsí ábhartha á gcur san áireamh.



07 Tithíocht a Leithdháileadh

Is féidir leithdháiltí a dhéanamh le cóiríocht a sholáthraíonn Údaráis Áitiúla go díreach nó do chóiríocht a sholáthraíonn Comhlachtaí Faofa Tithíochta.

Sa chás go soláthraíonn Comhlachtaí Faofa Tithíochta an chóiríocht, ainmníonn an tÚdarás Áitiúil duine ón liosta tithíochta chun glacadh leis an tionóntacht. A luaithe a ghlacann an Comhlacht Faofa Tithíochta leis an duine seo mar thionónta, measann an tÚdarás Áitiúil gur freastalaíodh ar riachtanas cóiríochta an duine.

Nuair a phleanálann an tÚdarás Áitiúil chun tairiscint cóiríochta a dhéanamh, caithfidh sé athbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú a rinne sé ar incháilitheacht agus riachtanas an teaghlaigh i dtaobh tithíocht shóisialta. Ina theannta sin, féadfaidh sé a dheimhniú go bhfuil an t-iarratas bailí go fóill maidir leis an gceangal atá aige leis an gceantar agus 'an rogha ceantair' a roghnú. Ar a bharr sin uile, féadfaidh siad a sheiceáil nár athraigh cúinsí an duine, a measfaí go mbeidís neamh-incháilithe le haghaidh Tacaíocht Tithíochta Sóisialta dá bharr.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbíonn troscán i dtithíocht Údaráis Áitiúil. Is féidir iarratas a dhéanamh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar chúnamh airgeadais i dtreo earraí agus fearais a cheannach. Tugtar Íocaíocht ar Riachtanais Eisceachtúla air seo. Déantar na híocaíochtaí seo faoin Scéim Liúntas Leasa Forlíontach.

08 Roghanna um Sholáthar Tithíochta Sóisialta

8.1 Stoc Údaráis Áitiúil

Leanann Údaráis Áitiúla bheith ar an tiarna talún is mó sa tír. Meastar gurb amhlaidh a bheidh an cás don todhchaí intuartha. Leanfaidh Údaráis Áitiúla lena stoc a bhainistiú, leithdháiltí folúntas ina measc a thagann chun solais. Íocfaidh tionónta de chuid Údarás Áitiúil cíosa difreálach a bhaineann le hioncam.

8.2 Stoc Comhlacht Faofa Tithíochta

Tá imreoir mór déanta de Chomhlachtaí Faofa Tithíochta (CFTanna) i dtaobh Tacaíocht Tithíochta Sóisialta a sholáthar do dhaoine ó gach cuid den phobal. Tá breis agus 500 CFT de shaghsanna agus de mhéideanna éagsúla ann. Soláthraíonn CFTanna os cionn 30,000 teach ar fud na tíre. Is éagsúil don tithíocht a sholáthraíonn na comhlachtaí seo agus áirítear léi an méid seo a leanas:

- Tithíocht ghinearálta,
- Cóiríocht do dhaoine breacaosta,
- Tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil saincheisteanna meabhairshláinte orthu ina measc, agus
- Cóiríocht do dhaoine gan dídean.

Déileálann roinnt CFTanna go príomha le soláthar ginearálta tithíochta agus bíonn róil níos speisialaithe ag cinn eile.

Chun cóiríocht atá faoi úinéireacht CFT a fháil, caithfidh duine aonair/teaghlach cáiliú do Thacaíocht Tithíochta Sóisialta leis an Údarás Áitiúil. Ainmneoidh an tÚdarás Áitiúil iarratasóirí ansin leis na CFTanna ar aon dul lena mBeartas Leithdháilte.

Soláthraíonn Comhlachtaí Faofa Tithíochta cóiríocht tríd an méid seo a leanas:

- Nuathógáil,
- Ceannach, agus
- Léasú sa mhargadh príobháideach.

Cé go mbíonn teacht ar Chomhlachtaí Faofa Tithíochta ar airgeadas príobháideach chun roinnt dá bhforbairtí/gceannach a chistiú, faigheann siad cistiú on Stát, chomh maith, trí na hÚdaráis Áitiúla faoi roinnt scéimeanna.

Más mian le duine go ndéanfar breithniú air/uirthi le haghaidh tithíochta a sholáthraíonn Comhlacht Faofa Tithíochta, caithfidh siad é seo a thabhairt le fios trí thic a chur sa bhosca 'Tithíocht Dheonach/Comharthithíocht' i gCuid 13 den Fhoirm Iarratais ar Thithíocht Shóisialta.

8.3 Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta

Foirm eile de thacaíocht tithíochta sóisialta is ea ÍCT a sholáthraíonn údaráis áitiúla. Soláthraíonn Údaráis Áitiúla cúnamh tithíochta do theaghlaigh chun cónaí san earnáil phríobháideach ar cíos, a cháilíonn do thacaíocht tithíochta sóisialta. Ceadaíonn ÍCT do theaghlach a cháilíonn do Thacaíocht Tithíochta Sóisialta chun maoin a aimsiú san earnáil phríobháideach ar cíos, faoi réir caidhpeanna áirithe. Íocfaidh an tÚdarás Áitiúil an cíos margaidh don teaghlach leis an tiarna talún agus íocfaidh an teaghlach cíos bunaithe ar ioncam leis an Údarás Áitiúil.

Tá Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) dírithe ar dhaoine a bhfuil riachtanas fadtéarmach tithíochta

acu agus a cháilíonn do thacaíocht tithíochta sóisialta. Freastalaíonn ÍCT ar riachtanas tithíochta duine agus baintear an duine ón Liosta Feithimh Tithíochta dá bharr. Féadfaidh an duine iarratas a dhéanamh, áfach, ar aistriú chuig maoin atá faoi úinéireacht Údaráis Áitiúil/CFT agus má dhéanann siad iarratas laistigh de thréimhse ar leith, cuirtear an t-am a chaith siad ar an liosta feithimh san áireamh nuair a bhíonn siad ar an Liosta Feithimh Aistrithe. (Féach 9 chun teacht ar bhreis faisnéise)

8.4 Cóiríocht do Dhaoine Breacaosta

Soláthraíonn cuid de na húdaráis áitiúla cóiríocht speisialta do dhaoine breacaosta - de ghnáth cóiríocht phobail le gnéithe speisialta, cosúil le maoir agus ceamaraí slándála. Is féidir le teorainneacha aoise maidir le cóiríocht do dhaoine breacaosta athrú ag brath ar an údarás áitiúil, ach ar an meán tá sé 55 bliana d'aois+.

8.5 Léasú Sóisialta/Scéim Cóiríochta Cíosa

Tacaíocht tithíochta sóisialta iad leasú fadtéarmach sóisialta (10 mbliana) agus leasú gearrthéarmach (4 bliana) agus an Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC) (4-7 mbliana) a sholáthraítear do theaghlaigh tríd an earnáil phríobháideach. Féadfaidh tiarnaí talún a maoin a chur ar tairiscint ar feadh tréimhse idir 4 agus 10 mbliana agus ainmneoidh an tÚdarás teaghlach don mhaoin sin. Íocann an tionónta cíos difreálach leis an Údarás Áitiúil agus déanfaidh an tÚdarás Áitiúil íocaíochtaí leis an tiarna talún thar ceann an tionónta.

Bíonn na roghanna seo ar fáil do gach duine a cháilíonn do thacaíochtaí tithíochta sóisialta, iad siúd a aistríonn ó láithreacha comhchónaithe ina measc agus iad siúd a chónaíonn sa phobal a dteastaíonn tithíocht uathu ar fhorais mhíchumais/leighis.

Tá fáil ar fhaisnéis ar an SCC ar láithreán gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil[3]

8.6 Príobháideach ar Cíos/ Forlíonadh Cíosa

D'fhéadfaí freastal ar riachtanas tithíochta gearrthéarmach do dhaoine aonair nó do theaghlaigh san earnáil phríobháideach ar cíos le cúnamh ó fhorlíonadh cíosa, arna mhaoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Íoctar Forlíonadh Cíosa le daoine atá ina gcónaí i lóistín príobháideach nach féidir leo costas a gcuid cóiríochta a íoc óna gcuid acmhainní féin.

Ríomhtar an méid Forlíonta Cíosa a sholáthraítear lena chinntiú nach dtagann an t-ioncam, tar éis cíos a íoc, faoi bhonn leibhéal íosta. Tacaíocht ioncaim is ea an Forlíonadh Cíosa agus déanfar é a athbhreithniú tar éis an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta a rolladh amach.

8.7 Cóiríocht don Lucht Siúil

Tá raon roghanna cóiríochta ar fáil don Lucht Siúil. Áirítear orthu seo tithíocht caighdeánach údaráis áitiúil, tithíocht phríobháideach ar cíos nó tithíocht phríobháideach arna cuidiú ag údarás áitiúil nó eagraíochtaí deonacha. Tá cóiríocht atá sonrach don Lucht Siúil a fhaigheann maoiniú caipitil 100% ón Roinn ar fáil freisin, lena n-áirítear grúpscéimeanna tithíochta agus láithreáin stad.

8.7.1 Scéim Ceannaigh Carbhán

Is féidir le hiasachtaí a bheith idir €1,000 suas go dtí uasmhéid de €6,350, ag brath ar imthosca. 5 bliana an tréimhse uasta chun iasacht a aisíoc. Ní mór d'iarratasóirí 10% ar a laghad de phraghas ceannaigh an chabháin a íoc.

3. http://www.housing.gov.ie/housing/social-housing/rental-accommodation-scheme/rental-accomodation-scheme

8.8 Tithíocht Úinéir-Áitithe

Úinéirí tí atá ar an saghas is mó de theaghlaigh sa tír. Chun cabhrú le duine fanacht ina dteach féin, féadfaidh na hÚdaráis Áitiúla roinnt deontas a thairiscint.

8.8.1 An Scéim Deontais Oiriúnaithe Tithe

Tá an Deontas Oiriúnaithe Tithe in ainm is cabhrú le duine go ndéanfar oibreacha ar theach chun áit níos oiriúnaí a dhéanamh de le cónaí ann. Caithfidh míchumas marthanach a bheith i gceist le míchumas an duine agus caithfidh lagú fisiciúil, céadfach, meabhairshláinte no intleachtúil a bheith i gceist leis. I measc na saghsanna oibre a chumhdaítear, tá rampaí rochtana, greimráillí, leithreas thíos staighre, cathaoireacha staighre agus cithfholcadáin bhoinn leibhéalta a shuiteáil, athruithe a dhéanamh chun rochtain ag cathaoir rothaí a éascú, síntí, agus aon oibreacha eile a theastaíonn go réasúnta chun áit níos oiriúnaí le cónaí ann a dhéanamh de theach.

Teastaíonn tuairisc Theiripeoir Saothair (TS) ina moltar na hoibreacha a bheartaítear. Bunaítear infhaighteacht agus leibhéal an deontais ar bhonn ollioncam gach duine sa teaghlach atá os cionn 18 mbliana d'aois (os cionn 23 bliain d'aois má tá mac léinn lánaimseartha sa teaghlach) don bhliain chánach roimhe sin. Ríomhtar méideanna an deontais bunaithe ar ghlanchostas na n-oibreacha faofa a bheartaítear. Is é an deontas uasta atá ar fáil €30,000 agus féadfaidh sé a mhéid le 95% de chostas na n-oibreacha faofa a chumhdach. Bunófar tús áite a thabhairt d'incháilitheacht ar riachtanas leighis agus airgeadais agus beidh 95% de chostas faofa na hoibre ar fáil dóibh siúd a bhfuil ioncaim bhliantúla theaghlaigh níos lú ná €30,000 acu agus tiocfaidh laghdú anuas go dtí 30% dóibh siúd a bhfuil ioncaim bhliantúla theaghlaigh €60,000 acu.

Caithfear faomhadh a fháil do na hoibreacha sula dtosaítear leis an obair agus déantar an deontas a íoc nuair a bhíonn an obair tugtha chun críche.

8.8.2 Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta

Tá Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta ar fáil chun cúnamh deontais a thabhairt chun tosaigh chun íoc as sraith bhunúsach oibreacha chun dul i ngleic leis na fadhbanna soghluaisteachta, go príomha, seachas go heisiach, a bhaineann le dul in aois.

I measc na n-oibreacha a soláthraítear cúnamh deontais dóibh faoin scéim, tá an méid seo a leanas:

- Greimráillí;
- Rampaí rochtana;
- Cithfholcadáin bhoinn leibhéalta;
- Cathaoireacha staighre; agus
- Mionoibreacha eile a mheastar atá riachtanach chun riachtanais soghluaisteachta baill de theaghlach a éascú.

Féadfaidh duine atá faoi mhíchumas an Scéim seo a rochtain. Teastaíonn tuairisc Theiripeoir Saothair ina dtugtar cuntas ar mholadh na n-oibreacha a bheartaítear.

Déantar tástáil mhaoine ar infhaighteacht an deontais agus deimhnítear leibhéal an deontais bunaithe ar ollioncam gach duine sa teaghlach atá os cionn 18 mbliana d'aois (os cionn 23 bliain d'aois má tá mac léinn lánaimseartha sa teaghlach) don bhliain chánach roimhe sin. Níor cheart go sáródh ollioncam bhaill an teaghlaigh €30,000 a shárú.

Is é an deontas uasta atá ar fáil €6,000 nó le 100% de ghlanchostas na n-oibreacha a bheartaítear.

8.8.3 Oibreacha Oiriúnaithe Tionónta

Tá an scéim ar fáil do thionóntaí Údaráis Áitiúil a dteastaíonn uathu go dtabharfar faoi oiriúnuithe ar a dteach Údaráis Áitiúil chun cabhrú lena riachtanais mhíchumais. Is gnách go ndéanfaidh údarás áitiúil breithniú ar gach rogha atá ar fáil sula ndéanann siad maoin a oiriúnú, breithniú a dhéanamh leis an tionónta, ina measc siúd, chun iad a aistriú chuig maoin níos oiriúnaí.

8.8.4 Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta

Tá an Scéim Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta ar fáil chun cabhrú le daoine breacaosta atá ag cónaí faoi dhrochdhálaí tithíochta chun go dtabharfar faoin deisiúchán nó feabhsúchán riachtanach.

Féadtar deontais faoin Scéim Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta a íoc, sa chás gur cuí, maidir le hoibreacha faoina dtugtar ar thithíocht úinéir-áitithe nó ar thithe atá á gceannach ó údarás áitiúil faoin scéim cheannaigh ag tionóntaí.

I measc shaghsanna na n-oibreacha a soláthraítear cúnamh deontais dóibh faoin scéim, tá an méid seo a leanas:

- Athdhíonadh: Beidh ar iarratasóirí a dhéanann iarratas go dtabharfar faoi dheisiúchán/ionadú dín dearbhú scríofa óna gcomhlacht árachais a sheoladh ar ais ina ndearbhaítear nach gcumhdaíonn a bpolasaí reatha árachais an deisiúchán sin.
- Athshreangú: Caithfidh iarratasóirí a dhéanann iarratas go dtabharfar faoi athshreangú dearbhú scríofa a chur faoi iamh lena n-iarratas ó leictreoir cáilithe ina luaitear bail an tsreangaithe reatha.
- Téamh lárnach, uisce agus seirbhísí sláintíochta a sholáthar (sa chás nach ann díobh)
- Deisiúchán ar/ionadú fuinneoga agus doirse: ní sholáthrófar cúnamh deontais ach faoi chúinsí eisceachtúla.
- Tirimlíneáil amháin
- Eile – breithneofar ar aon deisiúchán nó obair feabhsúcháin eile a theastaíonn go réasúnta i dtuairim na Comhairle.

Tá an leibhéal deontais atá ar fáil bunaithe ar mheasúnú ar ioncam an teaghlaigh, faoi mar a leagtar amach sa tábla seo a leanas.

Ollioncam uasta teaghlaigh sa bhliain	% de na costais atá ar fáil	An Deontas Uasta atá ar fáil
A mhéid le €30,000	95%	€8,000
€30,001 - €35,000	85%	€6,800
€35,001 - €40,000	75%	€6,000
€40,001 - €50,000	50%	€4,000
€50,001 - €60,000	30%	€2,400
Os cionn €60,000	Deontas ar bith iníoctha	Deontas ar bith iníoctha

09 Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)

Foirm eile de thacaíocht tithíochta sóisialta is ea ÍCT a sholáthraíonn Údaráis Áitiúla. Soláthraíonn Údaráis Áitiúla cúnamh tithíochta do theaghlaigh chun cónaí san earnáil phríobháideach ar cíos, a cháilíonn do thacaíocht tithíochta sóisialta.

Faoin ÍCT, déanann Údaráis Áitiúla an íocaíocht iomlán chíosa, faoi réir teorainneacha cíosa, thar ceann an duine díreach leis an tiarna talún. Íocann an duine ranníocaíocht chíosa leis an Údarás Áitiúil. Cíos difreálach is ea an ranníocaíocht chíosa (bunaithe ar ioncam).

- A luaithe a bhíonn teaghlach rannpháirteach in ÍCT, meastar go bhfuiltear ag freastal ar a riachtanais tithíochta cóiríochta,
- Bíonn an tÚdarás Áitiúil freagrach as gach teaghlach a ndeimhnítear go bhfuil riachtanas tithíochta acu,
- Aimsíonn an teaghlach a gcóiríocht féin sa mhargadh príobháideach ar cíos,
- Is éagsúil a bhíonn méid an chíosa a bhíonn iníoctha i ngach limistéar Údaráis Áitiúil, ag brath ar mhéid an teaghlaigh a dhéanann iarratas agus ar an margadh cíosa sa cheantar.
- Íocann an tÚdarás Áitiúil an tiarna talún go díreach,
- Tagann ÍCT in ionad Forlíonadh Cíosa i dtaobh teaghlach a bhfuil riachtanas fadtéarmach acu.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur féidir le teaghlaigh a bhfuil riachtanais ghearrthéarmacha fáil a bheith acu ar Fhorlíonadh Cíosa go fóill.

9.1 Incháilitheacht do ÍCT

Tá teaghlach ar bith atá cáilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta incháilithe do ÍCT. Beartaítear go rachfar i ngleic leis an teaghlach seo a leanas faoi ÍCT:

- Iarratasóirí nua ar thithíocht shóisialta ar mian leo iarratas a dhéanamh ar ÍCT,
- Teaghlaigh reatha ar liostaí tithíochta a d'fhéadfadh teacht a fhad leis an Údarás Áitiúil agus ÍCT á lorg acu,
- Faighteoirí forlíonadh cíosa ar bhonn fadtéarmach a aistreofar chuig ÍCT de réir a chéile.

9.2 An Próiseas ÍCT

Chun iarratas a dhéanamh ar ÍCT, caithfidh go ndearna iarratasóir iarratas ar agus go ndearnadh é/í a fhaomhadh amhail bheith 'incháilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta'.

- A luaithe a fhaomhtar iarratasóir, soláthraíonn an tÚdarás Áitiúil 'Paca Tionónta' don iarratasóir, ina bhfuil an méid seo a leanas:
  - Bileog Faisnéise do Thionóntaí,
  - Bileog Faisnéise do Thiarnaí Talún,
  - Foirm iarratais ar ÍCT, agus
  - Teorainneacha cíos teaghlaigh áitiúla ÍCT.

- Caithfidh an duine maoin oiriúnach a aimsiú sa mhargadh príobháideach ar cíos,
- Ní gá an fhoirm iarratais a chomhlánú ach nuair a bhíonn maoin aimsithe,
- Caithfidh an tiarna talún sonraí a sholáthar faoin maoin. Féadfaidh an tiarna talún an mhír seo den fhoirm a sheoladh ar ais ar leithligh,
- Próiseálann an tÚdarás Áitiúil an t-iarratas lena chinntiú go gcomhlíonann sé na critéir,
- Má fhaomhtar íocaíochtaí ÍCT, síníonn an duine 'Comhaontú Ranníocaíochta Cíosa',
- B'fhéidir go dteastóidh cruthúnas i dtaobh comhaontú tionóntachta,
- Glacann an Duine le tionóntacht leis an tiarna talún.

9.3 Íocaíochtaí ÍCT

- Caithfidh an duine cíos difreálach a íoc leis an Údarás Áitiúil. Sa chás go bhfuil íocaíochtaí leasa shóisialaigh á bhfáil ag an duine trí oifig an phoist, íoctar cíos difreálach tríd an Scéim Buiséad Teaghlaigh,
- Déanann an tÚdarás Áitiúil íocaíochtaí ÍCT go díreach leis an tiarna talún gach mí i riaráistí,
- Faoin ÍCT, bíonn an duine freagrach as aon éarlais a íoc,
- Is féidir íocaíochtaí ÍCT a chur ar fionraí nó a stopadh sna cásanna seo a leanas:
  - Ní bhaineann an mhaoin caighdeán sách ard amach
  - Níl an tiarna talún comhlíontach i dtaobh cánach
  - Teipeann ar an duine cíosa difreálach a íoc
  - Tugann an duine faoi iompar frithshóisialta

9.4 Deireadh a chur le Tionóntacht ÍCT

- Bítear ag súil leis go bhfanfaidh an duine sa mhaoin ar feadh dhá bhliain, ar a laghad,
- Faoi chúinsí áirithe, b'fhéidir go mbeidh an duine in ann iarratas a dhéanamh ar íocaíocht nua ÍCT le haghaidh maoin dhifriúil níos luaithe ná an tréimhse dhá bhliain,
- Féadfaidh an tiarna talún deireadh a chur leis an tionóntacht ÍCT má sháraíonn an duine coinníollacha a dtionóntachta, faoi mar a leagtar amach san Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004[4].

4. http://www.rtb.ie/media-research/published-register/legislation

10 Iasacht Tithíochta de chuid Atógáil Éireann

Tá go leor soláthróirí morgáiste ann, amhail bainc, cumainn foirgníochta agus údaráis áitiúla. I bhformhór na gcásanna, soláthraíonn banc nó cumann foirgníochta príobháideach iasachtaí morgáiste do theaghlaigh chun teach a cheannach.

D'fhéadfadh duine nach bhfuil in ann iasacht a fháil ó chumann foirgníochta nó ó bhanc, a bheith incháilithe do mhorgáiste údaráis áitiúil. Caithfidh an duine a bheith ina cheannaitheoir céaduaire, idir 18 agus 70 bliain d'aois, agus ioncam a shásaíonn an tástáil ioncaim a bheith acu.

Is morgáiste nua ón Rialtas é Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann do cheannaitheoirí céaduaire. Tá sé ar fáil ar fud na tíre ó gach údarás áitiúil ón 1 Feabhra 2018.

Mar cheannaitheoir céaduaire is féidir leat iarratas a dhéanamh ar Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann chun maoin nua nó dara láimhe a cheannach, nó chun do theach féin a thógáil.

Is gnáth-mhorgáiste Caipitil agus Úsmhar é an iasacht a aisíoctar ar bhonn míosúil. Is féidir leat suas le 90% de luach margaidh na maoine a fháil ar iasacht.

Seo a leanas uasluachanna margaidh na maoine is féidir iad a cheannach nó a fhéintógáil: €320,000 i gcontaetha Corcaigh, Bhaile Átha Cliath, Ghaillimh, Chill Dara, Lú, na Mí agus Chill Mhantáin, agus €250,000 sa chuid eile den tír.

Le bheith incháilithe le haghaidh Iasacht Tithíochta de chuid Atógáil hÉireann ní mór duit:

- a bheith i do cheannaitheoir céaduaire,
- a bheith idir 18 agus 70 bliain d'aois,
- a bheith i bhfostaíocht leanúnach ar feadh dhá bhliain ar a laghad mar phríomh-iarratasóir, nó a bheith i bhfostaíocht leanúnach ar feadh bliana ar a laghad mar iarratasóir tánaisteach,
- ioncam comhlán bliantúil nach mó ná €50,000 a bheith agat mar iarratasóir singil nó nach mó ná €75,000 mar chomh-iarratasóir,
- cuntais dheimhnithe dhá bhliain a chur isteach má tá tú féinfhostaithe,
- fianaise a sholáthar ar thairiscintí airgid neamhleor ó dhá bhanc nó ó dhá chumann foirgníochta,
- gan a bheith i d'úinéir reatha nó roimhe seo ar mhaoin chónaithe i bPoblacht na hÉireann nó lasmuigh de,
- a bheith ag cur fút sa mhaoin mar do ghnátháit chónaithe,
- maoin atá suite i bPoblacht na hÉireann nach mó ná 175 méadar cearnach (oll-achar urláir inmheánach) a cheannach nó a fhéinthógáil,
- toiliú do sheiceáil ag Biúró Creidmheasa na hÉireann.

Tá incháilitheacht faoi réir foirm iarratais iomlán Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann agus dearbhú ag d'údarás áitiúil a chur isteach.

Tá tuilleadh eolais lena n-áirítear foirm iarratais ar fáil ar **www.rebuildingirelandhomeloan.ie**

Is féidir faisnéis a fháil ónár deasc chabhrach ag 051 349720 (8am go dtí 5pm - Luan go hAoine) nó ó d'údarás áitiúil.

11 Breis Faisnéise

Is féidir breis faisnéise a fháil faoi aon ábhar a chumhdaítear sa cháipéis seo a fháil ó d'oifig Údaráis Áitiúil nó ó Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Tá faisnéis ar fáil ar an ngréasán, chomh maith. Tiocfaidh faisnéis aníos má dhéantar cuardach bunaithe ar 'Tacaíocht Tithíochta Sóisialta' ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta Tithíochta agus tiocfaidh tú ar fhaisnéis, chomh maith faoi fhaisnéis teagmhála do na hÚdaráis Áitiúla go léir.

Roinnt láithreáin ghréasáin áisiúla:
www.citizensinformation.ie
www.housingagency.ie
www.housing.gov.ie
www.rtb.ie

Atógáil Éireann
Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine

gníomhaireacht tithíocht

Gníomhaireacht Tithíocht
53 Sráid an Mhóta Uachtarach
Baile Átha Cliath D02 KT73

Nuashonraithe
Feabhra 2018